# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/47

Galway County Council Archives

147 S.C.R. Rialtó GP2/47
Dia Luain.

A Ṫomáis, a Ċara,

Fuair mé do nóta indiu. Bhí orainn a dhul amaċ aréir ċuig teaċ a raiḃ sé geallta le seaċtain againn a dhul ann. Sin é a ndeireadh anois 7 beiḋ muid ar ar gcomhairle féin gaċ uile oíċe as seo amaċ. Má ḟéadann tú a ṫeaċt oíċe ar biṫ an tseaċtain seo ón oíċe Dé Máirt amaċ – an Céadaoin, Déardaoin, an Aoine, an Satharn, nó an Domhnaċ. Déanfaiḋ ceann ar biṫ aca. Teara breaġ luaṫ nó ċo luaṫ 7 a ḟéadfas tú. Ní call duit scéala a ċur roimh-ré, mara bhfuil iondán 7 naċ bhféadfá a ṫeaċt go dtí tar éis an stáit. Tá an pearsa eaglaise sin a ḃaineas liom i mBaile Áṫa Cliaṫ faoi láṫair, aċ beiḋ sé ag dul abhaile Dia Céadaoin, 7 beiḋ dearbhráṫair liom anuiseo ins an oíċe amḃáireaċ. Tá muid ṫar barr ar gceille ag tóruiḋeaċt "flats." Sin é i gceann gaċ aon trioblóid eile a d'fága Cruadógaċ muid le coicís. Bhí ceann faiġte againn – ceann maiṫ – aċ ċuaiḋ fear an tiġe ar a ṫóin ins an margaḋ ar an bpointe deireaḋ. Measaim gur ċuir sé tuairisc 7 go bhfuair sé amaċ go raiḃ mé i bpríosún! Marab ṡin é é, níl a fios agam cén t-údar a ḃí aige arae ba muid a roġa go dtí an nóiméad deireaḋ. Bheinn imiġṫe siar an tseaċtain seo maraċ sin. Aċ is deacair dom imeaċt go bhfaġaiḋ mé cineál árus eicínt, arae ní mó ná sásta atá bean an tiġe seo lánaṁain a fagáil ins an bhflat. Is deaċair aon-ċeo raṫaṁail a ḋéanaṁ ann aċ oiread.

Tá súil agam go bhfuil an ḃean ag toiḋeaċt ċuici féin. Tá muid ag tnúṫán le t'ḟeicéal faoi ḋeireaḋ 7 faoi ḋeoiḋ an tseaċtain seo.

Mise,
Máirtín Ó Cadhain.